# Cúrsa Bacainní

| | |
|---|---|
| **Gné den Mhata** | Cruth agus Spás - suíomh, gluaiseacht agus treo, línte agus uillinneacha, cruthanna<br>*Naisc Thraschuraclaim – Teanga agus Litearthacht, Corpoideachas* |
| **Scileanna Forbartha** | • labhairt ar na hábhair agus an trealamh atá ar fáil le gníomhaíocht a dhéanamh agus iad a úsáid<br>• labhairt ar dhóigheanna le gnáthfhadhbanna an lae a réiteach<br>• a gcuid oibre a léiriú trí phictiúir agus réada a úsáid |
| **Teanga agus Téarmaíocht** | suíomh, thar, faoi, suas, síos, ar, os cionn, faoi bhun, gar do, i bhfad ó, deas, clé |
| **Áiseanna** | cathaoir, cón, tollán, liathróid, línte fiarlánacha tarraingthe le cailc, húlahúp, binse |

## Cur Síos ar an Ghníomhaíocht

### 1 Gníomhaíocht 1

Cuireann an múinteoir cúrsa bacainní ar bun. Seo roinnt samplaí is féidir a úsáid: cathaoir, cón, tollán, liathróid, línte fiarlánacha tarraingthe le cailc, húlahúp, binse.

Seo samplaí de threoracha a dhíríonn ar theanga shuímh:
Léim thar an chón
Lámhacán faoin tollán
Rith chuig an chathaoir agus déan 5 shuí aniar
Dreap fríd an húlahúp
Seas ar an taobh dheas den bhinse
Siúil feadh an bhinse. Léim anuas ón bhinse ar an taobh chlé, cúig léim ar do ghogaide
Bogshodar thart ar an liathróid
Cuir do lámha faoi do ghlúine agus bog i líne chuartha
Siúil ar na barraicíní ar na línte fiarlánacha
Seas in aice le cón agus déan 3 réaltléim
Cuir do lámha os cionn do chinn agus tabhair bualadh bos 10 n-uaire

### 2 Gníomhaíocht 2

I mbeirteanna, roghnaíonn daltaí ceithre earra agus dearann siad a gcuid cúrsa bacainní féin. Socraíonn siad ar ghníomhaíocht/thasc do gach bac. Iarrann siad ar na beirteanna eile a gcuid cúrsa bacainní a chur i gcrích agus treoracha a thabhairt do gach tasc. Cuireann daltaí cúrsaí bacainní a chéile i gcrích, éisteann siad le treoracha na ndearthóirí.

## Ceisteanna Samplacha

| Ceisteanna Druidte | Ceisteanna Oscailte |
|---|---|
| • Cad iad na baic a d'úsáid tú?<br>• Cé acu bac is deacra? Cad chuige?<br>• Cé acu bac a thaitin go mór leat?<br>• Cad iad na baic a ndeachaigh tú fúthu/thartu?<br>• Cá háit a raibh ort dul suas/síos?<br>• Cad iad na baic a bhí cóngarach don gheata/i bhfad ón doras? | • An dtig leat a mhíniú cad chuige ar roghnaigh tú baic faoi leith?<br>• Cad iad príomhthréithe do chúrsa bacainní?<br>• Cad é a d'athrófá faoi do bhaic?<br>• An bhfuil dóigh eile ann leis na baic a úsáid?<br>• An dtig leat smaoineamh ar dhóigh níos fearr le cúrsa bacainní an mhúinteora a dhearadh? |

## Difreáil

Maidir le daltaí a bhfuil riachtanais fhoghlama bhreise acu, socraigh am (m.sh., ord na sealaíochta) agus rannpháirtíocht de réir mar is cuí. Úsáid teanga atá ag an leibhéal chuí.